# ATHRÚ SONRAÍ

RF111

**Bain úsáid as an bhform seo má athraíodh aon sonraí ó bhaineann leatsa nó le d'fheithicil ó cuireadh cáin uirthi go deireanach**
**NÁ HÚSÁID AN FHOIRM SEO LE HATHRÚ ÚINÉIREACHTA A CHLÁRÚ (Féach Nóta B)**

NÍ GÁ GACH RANNÓG A CHOMHLÁNÚ - LÉIGH NÓTA C - CAITHFEAR RANNÓG A CHOMHLÁNÚ

**1. UIMHIR CHLÁRAITHE** Déan/Cuspa

Dath(anna) Uimhir Fhonnaidh

Uas. Iníon srl Chéad Ainm(neacha)

Sloinne nó Ainm CUIDEACHTA

Seoladh

Baile/Cathair

Contae Uim. Ghuth

An seoladh a mbíonn an fheithicil ghnáth (Sonraigh "mar aon le thall" más é an sheoladh)

An bhfuil athrú ar d'ainm/seoladh (m.sh. ainm pósta) ó cuireadh cáin ar an bhfeithicil go deireanach?
(Más é seo an t-aon athrú agus nach ndearnadh aon athnuachan cánach, comhlánaigh Rannóg 1 & 9) TÁ NÍL

**2. ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN**

TCF LC DSC ÁR CG FSP SB DÍOL CCF TFB

Dáta faighte

**2. DATH(ANNA) NUA**
Ná cuir tic LE NÍOS MÓ NÁ DHÁ Dhath

| | | | |
|---|---|---|---|
| Béis | D | Oráiste | F |
| Dubh | A | Bándearg | L |
| Gorm | J | Corcra | K |
| Cré-umha | P | Dearg/Marún | M |
| Donn | E | Airgead | R |
| Ór | Q | Bán/Uachtar | C |
| Uaine | H | Buí | G |
| Liath | B | Iidaite (3 dhath nó níos mó) | N |

An dath miotalach é an dath nua? Ní hea Is ea

**3. CINEÁL CABHLACH NUA**
Cuir tic sa bhosca nó déan cur síos sa spás. Féach Nóta C3.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Salún | 1 | Mionbhus | 3 |
| Hatchback | 40 | Bus | 5 |
| Eastát | 77 | Leoraí oscailte, coimeádáin | 7 |
| Jip | 76 | Leoraí oscailte Amháin | 8 |
| Eileatram | 21 | Tochaltóir | 19 |
| Veain | 6 | Feithicil Togála | 60 |

Eille - tabair sonraí:

**4. AICME CHÁNACH NUA/BUNÚS MEASÚNAITHE**
Cuir tic i mbosca amháin

**TÁBHACHTACH** Féach sainmhínithe aicmí chánach ag d'O Mhótarchánach áitiúil agus cinntigh go bhfuil an feithicil feiliúnach don cháin a roghnaíodh. Féach Nóta C4

**Príobháideach** P
*Comhlánaigh inneall CC faoi*
Inneall CC

**Earraí** G
*Comhlánaigh sonraí thíos*
Meáchan gan Lucht(kg)

An mbeigh an fheithicil in Úsáid chun earraí dhaoine eile a iompan — Beidh 4, Ní 5

**Tacsaí** T
**Heaicní** H

**Feithicil Seirbhíse Poiblí Mhór** M
*Comhlánaigh líon suíochán thall*
Líon Suíochan (gan tiománaí san)

**Bus Óige/Pobail** O
*Comhlánaigh líon suíochán thall*
Líon Suíochan (gan tiománaí san)

**Feithicil Dhíolmhaithe** S
*Tabhair cúis na díolúine thall* →

**CÚIS AN DÍOLÚINE**
**Cuir tic i mbosca MÁ TÁ an aicme chánach nua díolmhaithe**

| | | |
|---|---|---|
| Úinéireacht Stáit | US | 1 |
| Seirbhísí Tine | ST | 2 |
| Taidhleoireacht | DD | 3 |
| Tiománaithe/ Paisnéir í Míchumasacha | TM | 4 |

Eile - sonraí le do thoil

**Eile - sonraí le do thoil**

**5. SONRAÍ INNEALL ATHSHOLÁTHAIR CURTHA LEIS AN BHFEITHICIL**

**Uimh. Inn** ____

**Dáta Curtha** Lá ____ Mí ____ Bliain ____

**Cin. Breosla** Sonraigh le do ____ ☐ cc ____

**CAITHFIDH GARÁISTE AN DEARBHÚ SEO A CHOMHLÁNÚ**

Deimhním go bhfuil an t-inneall thuasluaite (curtha le/scrúdaithe) sa bhfeithicil

Siniú ____

Dáta ____

Stampa Garáiste

**6. TEASTAS FHIÚNTAS BÓTHAIR** (Féach Nóta C6 agus D)

Uimhir ____ Dáta in éag Lá ____ Mí ____ Blain ____

**7. SONRAÍ ARACHAIS**

Ainm Comhlacht Árachais (Ní Bróicéir) ____

Dáta in éag Theastas Árachais faoi Acht Tráchtála Bóthair 1961, arna leasú Lá ____ Mí ____ Bliain ____

Uimhir Polasai Arachais ____

**8. SONRAÍ ATHNUACHANA CÁNACH**

**LÉIGH NÓTA C8 SUL A GCOMHLÁNTAR AN RANNÓG SEO**

**Caithfidh míonna idir dháta in éag an Diosca Mótar Chánach deiridh agus an ceann nua a bheith clúdaithe ag Tréimshe IarÚinéara, Neamh-Úsáide nó Riaráistí**

| | ÓN GCÉAD LÁ DE Mí | Bliain | | GO LÁ DEIRIDH Mí | Bliain | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **8.1 Dáta in éag Dhiosca Mótar Chánach deiridh** | → | | | | | |
| **8.2 Tréimhse Iarúinéara** (más cuí) | | | GO | | | |
| **8.3 Tréimhse Neamh-Úsáide** (más cuí, féach Rannóg 10) | | | GO | | | |
| **8.4 Tréimhse Riaráisti 1** (más cuí) | | | GO | | | € |
| **8.4 Tréimhse Riaráisti 2** (más cuí) | | | GO | | | € |
| **8.6 Diosca Cánach ag teastáil anois** | | | GO | | | € |
| **8.7 Airgead Ró-íseal de bharr athruithe** (más cuí) | | | | | | € |

Measúnacht

Riaráistí15/4

Seiceáilte

**9. ROGHA ÍOCHAÍOCHT CÁRTA**

Master Card ☐ Visa ☐ Amex ☐ Laser ☐

Síniú Úinéir an Cárta ____ Dáta in Éag Mí ____ Bliain ____

Uimhir Cúntas an Cárta ____

**ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN**

| | | | |
|---|---|---|---|
| AIRG | € | PO | € |
| SEIC | € | OP | € |
| CÁRTA CR | € | | |

Táille TFB (má tá) € ____

**IOMLÁN** € ____

Dáta a fuar

TCF ☐

Ár ☐

LC ☐

TFB/NCT ☐

**Litir Díosca** ☐

**Dáta Eisithe** Lá ____ Mí ____ Bliain ____

**10. DEARBHÚ NEAMHÚSÁID**

Comhlánaigh más gá é (Féach Nóta C10)
Dearbhaim nach bhfuil an feithicil in úsáid ná cead tughta agam í úsáid in áit Poiblí

Ón thréimhse an chéad lá Mí ____ Bliain ____

GO lá deíridh Mí ____ Bliain ____

Síniú Garda ____

Dáta ____

**Stampa na nGardaí**

**11. DEARBHÚ (Féach Nóta C11)**

Dearbhaim go bhfuil na sonraí ar an bhfoirm seo ceart

**Síniú** ____

**Dáta** ____

**CAITHFEAR AN FHOIRM A SHÍNIÚ**

# NÓTAÍ

Téigh i dteagmhái le d'Oifig Mhótarchánach áitiúil má theastaíonn cúnamh uait ag comhlánú na foirme seo

**A Cén uair ar cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo**

Ba cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo má hathraíodh aon ghné ó cuireadh cáin ar an bhfeithicil go deireanach. Ba cheart an fhoirm a thabhairt nó a sheoladh chuig d'oifig Mhótarchánach áitiúil chomh luath agus a tharlaíonn aon athrú

- D'ainm (m.sh.póstadh)
- Inneall Feithicle
- Dath Feithicle
- Cineál cabhlach feithicle
- Do sheoladh
- Meáchan gan lucht (feithiclí earraí amháin)
- Líon Suíochán (feithiclí seirbhise poiblí móra agus busanna pobail nó óige amháin)
- Aicme chánach feithicle

**B. Cén uair NÁR cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo**

Níor cheart Úsáid a bhaint as an bhfoirm seo chun athrú úinéireacht feithicle a chlárú. Ba cheart é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as:

Feithiclí a Cláraíodh ROIMH 1/1/93:

- Má díoladh go PRÍOBHÁIDEACH, caithfear foirm Athrú Úinéara (RF200) a Comhlánú AGUS an Leabhar Cláraithe (Log) a thabhairt/sheoladh chuig d'Oifig Mhótarchánach áitiúil.
- Má díoladh le MÓTARDHÉILEÁLAÍ, caithfear foirm Athrú úinéara (RF200) a chomhlánú agus a thabhairt/sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach agus ba cheart an Leabhar Cláraithe (Log) a thabhairt don mótardéileálaí.

Feithiclí a Cláraíodh AN 1/1/93 NÓ DÁ ÉIS:

- Má díoladh go PRÍOBHÁIDEACH, comhlánaigh Cuid B den Teastas Cheadúnú Feithicle agus seol é chuig an Aonad Cláraithe Feithiclé, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, Lár Bhaile na Sionna, Co. an Chláir.
- Má díoladh le MÓTARDHÉILEÁLAÍ, comhlánaigh foirm RF105 (atá le fáil ón Mótardhéileálaí) agus seol é chuig an Aonad Cláraithe Feithiclí, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, Lár Bhaile na Sionna, Co. an Chláir agus tabhair an Teastas Ceadúnú Feithicle don Mhótardhéileálaí.

**C. An chaoi leis an bhfoirm seo a chomhlánú**

**C1** CAITHFEAR Rannóg 1 a chomhlánú. NÍ FÉIDIR úsáid a bhaint as Rannóg 1 chun athrú úinéara d'aon sórt a chlárú - Féach Nóta B thuas.
Cuir síos ainm agus seoladh an té a bhfuil an fheithicil le bheith ceadúnaite ina leith. I gcás EINTITEAS DLÍTHÚIL, caithfear an teideal dlí iomlán agus ceart a dhearbhú, m.sh. ba ceart an t-ainm a lua mar atá ar an Deimhniú Corpraithe i gcás cuideachta cláraithe, i gcás comhlachta príobháidigh, caithfear ainm an chomhlachta agus ainmneacha na bpáirtithe a thabhairt, m.sh. "Seán agus Máire Uí Mhurchú ag trádáil mar Mhóthair Uí Mhurchú".

**C2** Comhlánaigh Rannóg 2 má hathraíodh dhath na feithicle.
Cuir tic leis an dhath is gaire do dhath nua na feithicle. Cuir tic leis freisin má tá an dara dath ar an bhfeithicil. Cuir tic leis an mbosca ILDATHACH má bhíonn níos mó ná dhá dhath ar an gcarr.

**C3** Comhlánaigh Rannóg 3 má hathraíodh **cineál chabhlach** na feithicle.
Mura bhfuil an cineál chabhlach nua liostaithe i Rannóg 3, cuir an cineál chabhlach sa bhosca atá tughta. Tá liosta iomlán cineálacha cabhlach ar fáil ón Oifig Mhótarchánach. Más "Feithicil thógála" i an cineál chabhlach feithicle nua caithfear foirm Dearbhú Feithicle Tógála (RF111B) a chomhlánú (atá le fáil ón Oifig Mhótarchánach). Caithfear fianaise a thabhairt go bhuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin athrú seo.

**C4** Comhlánaigh Rannóg 4 má tá tú ag athrú **aicme chánach nó bunús cánach** na feithicle. Cuir tic leis an aicme chánach ar fúithi a gcuirfidh tú cáin ar an bhfeithicil. Caithfear gach eolas a thabhairt faoin aicme a roghnaíodh mar atá iarrtha sa chló iodálach. Mura bhfuil an aicme chánach liostaithe, comhlánaigh an aicme chánach sa bhosca marcáilte Eile. Caithfear gach cáipéis riachtanach le haghaidh na haicme chánach roghnaithe a chur leis an iaratas seo.

**Earraí**

- Má bhíonn meáchan na feithicle níos mó ná 1,524kg, cuir Duillín Meáchain ó Dhroichead Meáite Údaraithe leis an iarratas.
- Má bhíonn meáchan na feithicle níos lú ná 1,524kg, caithfear Dearbhú Earraí Amháin (RF100) a chomhlánú (atá le fáil ón Oifig Mhótarchánach) agus E a stampáil i Stáisiún na nGardaí.

**Díolúinte ag:**

- Cuir an Teastas Díolúine is cuí leis (m.sh. Teastas Cheadú ó na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh Tiománaight/Paisinéirí Míchumasacha).

**C5** Comhlánaigh Rannóg 5 má hathraíodh **inneall** na feithicle.
Caithfear uimhir an innill, éifeacht chiubhach agus cineál breosla a bheith Deimhnithe ag Garáiste.

**C6** Teastaíonn **Teastas Fhiúntas Bóthair** (TFB) le haghaidh:

- Caithfear Feithiclí Earraí, Leantóirí, Busanna agus Otharcharranna os cionn bliain d'aois a thástáil gach bliain.
- Is é tOllmheáchan Ceaptha Feithicle (DGVW) an bealach chun aicmiú feithicle a chinneadh chun críche feithicil a thástáil.
- Déantar feithiclí earraí a bhfuil DGVW de 3,500 cileagram nó níos ísle acu a thástáil mar Fheithicil Earraí Éadroma (LGV) – **CRW táille €6.**
- Déantar feithiclí earraí a bhfuil DGVW os cionn 3,500 cileagram a thástáil mar Thromfheithil Earraí (HGV) – **CRW táille €13.**

**C7** Comhlánaigh sonraí faoi d'árachas 1 Rannóg 7 - Caithfidh d'árachas a bheith laistigh de dháta ar an gcéad lá den tréimhse athnuachana nó ar an dáta athnuachana, cibé acu is deireanaí agus caithfidh an t'árachas a bheith cuí d'úsáid dhearbhaithe na feithicle.

**C8** **Ná bac leis an Rannóg seo mura bhfuil tú ag athnuachan na Mótarchánach**
Baintear úsáid as Rannóg 8 chun suimeanna **Mótarchánach agus Riaráistí** (más ann) atá iníoctha a áireamh. Lean na treoracha ag C8, 1 go C8.7 thíos. Tabhair faoi deara nach n-eisítear dioscanna Mótarchánach ach I dtréimhsí de 3 mhí, de 6 mhí nó bliain iomlán féilire agus nach n-eisítear iad le haghaidh míonna atá imithe. Ní mór RIARÁISTÍ a íoc do mhíonna a raibh an diosca in éag tar éis don diosca Mótarchánach a bheith imithe in éag (féach 8.4 thíos), mura mbaineann sé le hAthrú Úinéireachta nó le tréimhse Neamh-Úsáide (féach 8.2 nó 8.3 thíos).

**8.1** Comhlánaigh an mhí agus an bhliain a ndeachaigh an Diosca Mótarchánach deiridh in éag sna boscaí atá curtha ar fáil ag 8.1 ar an bhfoirm, m.sh. má bhí an Diosca in éag I Meitheamh 2003, comhlánaigh é mar:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 6 | 2 | 0 | 0 | 4 |

**8.2.** Má hathraíodh úinéir na feithicle ó cuireadh cáin uirthi go deireanach, ní dhlífear uait na riaráistí don tréimhse ón diosca cánach deiridh dul in éag go dtí deireadh na míosa díreach roimh an dáta díolacháin. Comhlánaigh na dátaí seo sna boscaí ag 8.2 ar an bhfoirm.

**8.3** Má tá tú ag dearbhú neamh-úsáid na feithicle, ba cheart duit Rannóg 10 a chomhlánú i stáisiún na nGardaí. Comhlánaigh an tréimhse neamh-úsáid mar a dearbhaíodh I Rannóg 10 sna boscaí curtha ar fáil ag 8.3 ar an bhfoirm.

**8.4/ 8.5** Má tá míonna imithe thart ó chuaigh an diosca mótharchánach deiridh in éag, nach bhfuil clúdaithe ag Tréimhse IarÚinéara ná ag Dearbhú Neamh-Úsáide, tá riaráistí dilte. Comhlánaigh tréimhse leanúnach Riaráistí sna boscái ag 8.4 ar an bhfoirm. Má bhrístear an tréimhse Riaráistí, comhlánaigh na sonraí ag baint úsáide as na boscaí ag 8.4 agus 8.5 ar an bhfoirm.

**8.6** Cuir tic leis an tréimhse athnuachana atá uait. Tá rogha athnuachana de 3 mhí, 6 mhí nó bliain ar fáil **mura** bhfuil an táille bhliantúil faoi €114. Sa chás sin níl ach tréimhse athnuachana bliana amháin ar fáil.

**8.7** Má tharla an t-athrú feithicle laistigh de thréimhse reatha mótarchánach agus gur tháinig athrú ar ráta na mótarchánach iníochta dá bharr, caithfear an difríocht i idir an táille a íocadh ón tús agus an ráta mótarchánach is airde atá dilte a íoc ó thús na míosa a tharla an t-athrú.

**C9** Comhlánaigh Rannóg 9 má tá tú ag íoc le cárta creidmheasa nó le cárta dochair.

**C10** Comhlánaigh Rannóg 10 i stáisiún na nGardaí má tá tú ag dearbhú **neamh-úsáid** na feithicle.

**C11** CAITHFEAR Rannóg 11 a chomhlánú
Ba cheart gurb é **síniú** úinéir na feithicle a bheadh ar an bhfoirm iarratais (atá sainmhínithe i Rannóg 130 faoin Acht Airgeadais 1992 mar choimeádaí). Is é síniú an Stiúrthóra Bainistíochta nó an Rúnaí a bheidh I gceist maidir le cuideachta atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 1963. Nuair atá comhlacht príobháideach i gceist caithfidh síniú dhuine de na páirtithe a bheith comhlánaithe.

**D. Cad ba cheart a bheith leis an bhfoirm seo**

Cathfear an bhfoirm chomhlánaithe a thabhairt nó a sheoladh chuig an Oifig Mótarchánach áitiúil in éineacht leis na rudaí seo a leanas:-

i) Más athrú Ainm/Seoladh amháin
- An Leabhar Cláraithe (Log)

ii) Maidir le Gach athrú eile:
- An Leabhar Cláraithe nó TCF
- An Diosca Cánach reatha
- An Táille (más cuí) - Cuir seic nó ordú poist don táille cheart (riaráisti agus gearradh ró-íseal san áireamh san áit is cuí), a bheith iníochta leis an Chomhairle Chontae/Cathrach agus "Cuntas Mótar Chánach" crosáilte air. Ná seol airgead chugainn tríd an bpost. Téigh i dteagmháil leis an Oifig Mhótar Chánach aitiúil chun tuilleadh eolais a fháil ar na rátaí Mótar Chánach cuí nó modhanna íocaíochta eile.

iii) Más athrú Mheáchan gan Lucht:
- Gach rud i (ii)
- Duillín Meáchain
- Teastas Fhiúntas Bóthair (TFB) nó Ráilteas Pas eisithe ag Tástálaí Únaraithe (féach Nóta C6)

iv) Más athrú Líon Suíochán
- Gach rud i (ii)
- TFB nó Ráilteas Pas

v) Más athrú go Aicme Earraí
- Gac rud i (ii)
- Teastas Árachas Éireannach reatha faoin Acht um Trácht ar Bóthar 1961 arna leasú. Caithfear an Teastas b unaidh a chur i láthair a gus ní cóip de.
- Teastas Fhiúntas Bóthair nó Ráiteas Pas
- Dearbhú Earraí Amháin - feithiclí earraí le meáchan gan lucht suas go 1,524 kg
- Duillín Meáchain - feithicli earraí le meáchan gan lucht os coinn 1,524kg.

vi) Más athrú chuig Aicmí Cánacha eile (m.sh. Feithicil Seirbíse Poiblí (FSP), Bus Scoile nó Díolúine):
- Gac rud i (ii)
- Teastas Fhiúntas Bóthair
  (cibé - Liúntas FSP (pláta)
  is cuí) - Liúntas Bus Scoile Alt 60
  - Teastas Cheadú ó na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh Díolúine Mótar Chánach

vii) Más athrú suntasach atá sa Chineál Chabhlach
- Gac rud i (ii)
- Fianaise go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin athrú.

viii) Má táthar **ag cur cánach ar an bhfeithicil,** teastaíonn gach rud i (ii) in éineacht le Teastas Árachais agus Ráiteas Pas/Teastas Fhiúntas Bóthair más cuí agus Teastas T'ástála Náisiúnta Carranna (NCT) más gá (carrana atá 4 bliana d'aois agus gach carr níos sine ná sin).

**NOCHTADH SONRAÍ**

D'fhéadfadh sonraí ríomhairí bunaithe ar an doiciméad seo a bheith faoi réir nochta de réir Alt 60 den Acht Airgeadais, 1993, (Uimh. 13 de 1993) faoi mar atá leasaithe ag Alt 86 den Acht Airgeadais, 1994 (Uimh. 13 de 1994) agus na rialacháin atá déanta dá réir. Tá liosta na ndaoine atá nochtaithe cláraithe le Coimisinéir, um Chosaint Sonraí - TAG 0721/A

**FOLÁIREAMH - DEARBHÚ BRÉAGACH**

Dlifear pionós trom a ghearradh ar an té a dhéannann dearbhú bréagach nó a mhainníonn ina dhiadh sin aon athruith faoi shonraí ceadúnaithe a sholáthraitear anois a chur in iúl. Is féidir le hÚdarás Ceadúnaithe fianaise chuí a lorg fdaoi chruinneas sonraí a dhearbhófar.